



6.5.2020

DRÉACHT-TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2018/1999 (An Dlí Aeráide Eorpach) (COM(2020)0080 – C9-0077/2020 – 2020/0036(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Asger Christensen

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

Is é Dlí Aeráide na hEorpa príomhphíosa reachtaíochta Chomhaontú Glas AE. Agus sprioc na neodrachta aeráide á baint amach aige, ba cheart go gcothófaí leis fás agus fostaíocht ar fud AE freisin. Ag an am céanna, ní mór go mbeadh an t-aistriú chuig neodracht aeráide cóir agus cuimsitheach.

Tá tábhacht straitéiseach ag baint le hearnáil na talmhaíochta don tslándáil bia san Aontas Eorpach agus ar fud an domhain, ach chomh maith leis sin is í an earnáil is mó í atá neamhchosanta ar iarmhairtí an athraithe aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart go gcruthófaí le Dlí Aeráide AE creat d'institiúidí ábhartha AE agus do na Ballstáit chun oiriúnú, athléimneacht agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa (GCT) a éascú ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol, i gcomhréir le hAirteagal 2, mír 1b, de Chomhaontú Pháras. Leagtar béim san Airteagal sin ar an ngá atá le cur chuige iomlánaíoch maidir le gníomhú ar son na haeráide agus táirgeadh bia, lena dtugtar aghaidh ar oiriúnú, ar athléimneacht agus ar mhaolú.

Ní mór féachaint freisin ar earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta, an dá earnáil a fheidhmíonn mar astaíróid carbóin agus mar linnte carbóin, mar spreagthaí tábhachtacha. Tá gá le taighde substaintiúil agus forbairt shubstaintiúil sna hearnálacha sin chun leas iomlán a bhaint as na nuálaíochtaí teicneolaíochta. Tá gá le taighde fairsing agus forbairt fairsing i dtáirgeadh plandaí agus beostoic araon, lena n-áirítear pórú plandaí le haghaidh barra nua agus barra níos athléimní agus féara lena leithlisítear mó carbóin, chomh maith le luachshocrú bithgháis agus bithmhaise. Ba cheart feabhas a chur ar nósanna imeachta tomhais GCT.

Tá tábhacht thar na bearta le haistrithe nó le hastaíochtaí diúltacha. Faoi láthair, caitear ar bhealach comhionann le haistrithe agus le laghdúithe ar astaíochtaí i margaí carbóin. Mar sin féin, ba cheart tona carbóin a thógtar as an atmaisféar a phraghsáil ar bhealach difriúil ó thona carbóin nach n-astaítear isteach san atmaisféar. Chun forbairt ar aistrithe a spreagadh, ba cheart don Choimisiún féachaint an bhféadfaí aistrithe nó astaíochtaí diúltacha a thrádáil ar leithligh ar mhargaí carbóin an Aontais agus an domhain. D'fhéadfadh sé go nginfí maoiniú suntasach don troid i gcoinne an athraithe aeráide le trádáil astaíochtaí diúltacha den sórt sin.

Is gá freisin táirgeadh atá éifeachtúil ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus infheictheacht a thabhairt dó san Aontas, lena n-áirítear sa talmhaíocht. Is cur chuige pragmatach i leith saincheist chasta é deimhniú tríú páirtí, agus bheadh sé mar aidhm leis aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí breise arna ndéanamh ag gníomhaithe, lena n-áirítear feirmeoirí agus comharchumainn, chun astaíochtaí CO₂ i dtáirgeadh inbhuanaithe bia a laghdú. D'áiríteofaí leis freisin go mbeadh na caighdeáin chéanna in úsáid ag na Ballstáit uile.

Tá roinnt leasuithe á moladh chun an Rialachán a fheabhsú. Is é is aidhm do na leasuithe sin, go háirithe, an méid seo a leanas a dhéanamh.

- a áirithiú go socrófar sprioc na neodrachta aeráide don Aontas ina iomláine agus do gach Ballstát ina aonar, d'fhonn uailmhianta an Aontais ina iomláine a fheabhsú;
- 'prionsabal an chomhleanúnachais beartais' a bhunú i ngach tionscnamh dá bhforáiltear sa Chomhaontú Glas; de réir an phrionsabail sin, ba cheart feidhm a bheith ag na breithnithe dá bhforáiltear sa Rialachán maidir leis an gconair do neodracht aeráide a leagan síos maidir le

tionscnaimh uile an Chomhaontaithe Ghlais;

- foráil a dhéanamh maidir leis na breithnithe céanna a chur san áireamh agus bearta riachtanacha á ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear agus dáileadh laghdaithe agus aistriúcháin astaíochtaí idir ionstraimí beartais CTA agus neamh-CTA á gcinneadh;
- i bhfianaise ghéarchéim COVID-19, foráil a dhéanamh maidir le hoibleagáid an Choimisiúin slándáil bia agus inacmhainneacht bia a chur san áireamh agus, san am céanna, conair a leagan síos do neodracht aeráide;
- foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an tAontas agus na Ballstáit oiriúnú feirmeoirí do thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide a éascú, athléimneacht aeráide agus forbairt astaíochtaí ísle GCT a chothú gan bagairt a dhéanamh ar tháirgeadh bia;
- foráil a dhéanamh go ndéanfaidh an Coimisiún, tar éis dó measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le sprioc cheangailteach idirmheánach a leagan síos don bhliain 2040, togra reachtach a thíolacadh lena leagfar síos na luachanna atá le baint amach faoi 2040 chomh maith le haon bheart eile is gá;
- foráil a dhéanamh maidir le deimhniúchán tríú páirtithe chun caighdeán coiteann a leagan síos san Aontas do tháirgeadh a bheidh aeráid-éifeachtúil. Is bealach é comhchaighdeán a leagan síos freisin chun luach saothair a thabhairt d'fheirmeoirí agus do chomharchumainn a n-éiríonn leo níos mó a tháirgeadh le níos lú ábhair, rud a chuireann teorainn le lorg aeráide na dtáirgí;
- foráil a dhéanamh maidir leis an gceanglas roghanna malartacha ar an ngeilleagar iontaise a aimsiú. Soláthraíonn an geilleagar ciorclach bithbhunaithe ábhair in-athnuaite ar féidir iad a chur in ionad amhábhair iontaise;

Tá leasú curtha síos ag an Rapóirtéir freisin lena n-iarrtar ar an gCoimisiún an chonair a leagan amach chun neodracht aeráide a bhaint amach trí thogra reachtach agus ní trí ghníomh tarmhligthe. Thabharfadh an gníomh tarmhligthe sin aghaidh ar ghnéithe riachtanacha an Rialacháin, agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh na gnéithe sin ina n-ábhar do chumhachtú gníomh tharmhligthe.

Ina theannta sin, measann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach smaointe fóna gnó a roghnú agus treochláir a tharraingt suas i gcomhar le fiontraithe a bheidh ann amach anseo agus iad ag iarraidh a gcosa a chur fúthu sna margaí nua. Ba cheart líonra tacaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta a chruthú ar an leibhéal réigiúnach i bhfoirm cúrsaí oiliúna agus seirbhísí comhairleacha saincheaptha.

Ar deireadh, i bhfianaise srianta ama, ní raibh an deis ag an Rapóirtéir dul i dteagmháil le grúpaí polaitiúla eile nó le geallsealbhóirí eile i ndruchtú na tuairime seo. Beidh gach ionchur ina ábhar mór sásaimh agus cuirfear san áireamh é agus leasuithe comhréitigh á ndruchtú.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia, mar an coiste freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(1) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, dar teideal ‘An Margadh Glas Eorpach’¹⁹, straitéis nua fáis a bhfuil sé mar aidhm aici an tAontas Eorpach a chlaohlú ina shocháí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. Tá sé mar aidhm **aige** freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an t-aistriú sin a bheith cóir agus iniatach, gan duine ar bith a fhágáil chun deiridh.

¹⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún - Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final an 11 Nollaig 2019.

Leasú

(1) Leagtar amach sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019, dar teideal ‘An Margadh Glas Eorpach’¹⁹, straitéis nua fáis a bhfuil sé mar aidhm aici an tAontas Eorpach a chlaohlú ina shocháí chóir rathúil, ag a bhfuil geilleagar nua-aimseartha iomaíoch atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de, nach mbeidh aon ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa ann in 2050, agus nach mbeidh an fás eacnamaíoch ceangailte a thuilleadh le húsáid acmhainní. ***Is é Dlí Aeráide na hEorpa príomhghníomh reachtaíochta Chomhaontú Glas AE. Agus sprioc na neodrachta aeráide á baint amach aige, ba cheart go gcothófaí leis fás agus fostaíocht ar fud AE freisin.*** Tá sé mar aidhm ag ***an straitéis nua fáis*** freisin caipiteal nádúrtha an Aontais a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, agus sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ar rioscaí agus tionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. San am céanna, ní mór an t-aistriú sin a bheith cóir agus cuimsitheach, gan duine ar bith a fhágáil chun deiridh, ***lena n-áirítear aon phobal ó limistéar uirbeach nó tuaithe.***

¹⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún - Comhaontú Glas don Eoraip, COM(2019) 640 final an 11 Nollaig 2019.

Or. en

Réasúnú

Ós rud é go leagann an Comhaontú Glas straitéis nua fáis amach don Aontas, ba cheart é sin a bheith léirithe sa Dlí Aeráide freisin, ar príomhghníomh reachtaíochta é.

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(4) I gComhaontú Pháras leagtar amach sprioc fhadtéarmach maidir leis an meánmhéadú domhanda a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch²³, agus leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá sé oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide²⁴ agus na sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtaobh leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide.

²³ Airteagal 2.1.a de Chomhaontú Pháras.

²⁴ Airteagal 2.1.b de Chomhaontú Pháras.

²⁵ Airteagal 2.1.c de Chomhaontú Pháras.

Leasú

(4) I gComhaontú Pháras leagtar amach sprioc fhadtéarmach maidir leis an meánmhéadú domhanda a choinneáil roinnt mhaith faoi bhun 2°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus iarrachtaí a dhéanamh an méadú ar an teocht a theorannú go 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch²³, agus leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá sé oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide²⁴, ***athléimneacht aeráide agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a chothú, ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol*** agus na sreabha airgeadais a thabhairt ar aon dul leis an gcur chuige i dtaobh leibhéal íseal astaíochtaí gás ceaptha teasa agus forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide²⁵.

²³ Airteagal 2.1.a de Chomhaontú Pháras.

²⁴ Airteagal 2.1.b de Chomhaontú Pháras.

²⁵ Airteagal 2.1.c de Chomhaontú Pháras.

Or. en

Réasúiní

Is tagairt é an leasú do Chomhaontú Pháras Airteagal 2(1)(b). Leagtar béim in Airteagal 2(1)(b) ar chur chuige iomlánaíoch maidir le gníomhú ar son na haeráide agus táirgeadh bia, lena dtugtar aghaidh ar oiriúnú, athléimneacht agus maolú. Tá sé tábhachtach ról speisialta agus straitéiseach na talmhaíochta a léiriú sa Dlí Aeráide.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6

(6) Chun aeráidneodracht a bhaint amach ba cheart rannchuidiú a bheith de cheangal ar gach earnáil eacnamaíoch. I bhfianaise a thábhachtaí atá táirgeadh agus tomhaltas fuinnimh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, is ríthábhachtach aistriú go córas fuinnimh slán inbhuanaithe inacmhainne atá ag brath ar mhargadh inmheánach fuinnimh atá dea-fheidhmiúil. Is spreagadh tábhachtach chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach atá sa chlaohlú digiteach, sa nuálaíocht theicneolaíoch agus sa taighde agus forbairt.

(6) Chun aeráidneodracht a bhaint amach ba cheart rannchuidiú a bheith de cheangal ar gach earnáil eacnamaíoch. I bhfianaise a thábhachtaí atá táirgeadh agus tomhaltas fuinnimh maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, is ríthábhachtach aistriú go córas fuinnimh slán inbhuanaithe inacmhainne atá ag brath ar mhargadh inmheánach fuinnimh atá dea-fheidhmiúil. Is spreagadh tábhachtach chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach atá sa chlaohlú digiteach, sa nuálaíocht theicneolaíoch agus sa taighde agus forbairt. ***Ní mór féachaint freisin ar earnáil na talmhaíochta agus earnáil na foraoiseachta, ós rud é gurb iad na haon earnálacha amháin a fheidhmíonn mar astairí carbóin agus mar linnte carbóin, mar spreagthaí tábhachtacha. Tá gá le taighde substaintiúil agus forbairt shubstaintiúil sna hearnálacha sin chun leas iomlán a bhaint as na nuálaíochtaí teicneolaíochta.***

Or. en

Réasúnú

Cuideoidh an taighde agus an fhorbairt go mór leis an talmhaíocht san aistriú glas. Tá gá le taighde fairsing agus forbairt fhairsing i dtáirgeadh plandaí agus beostoic araon, lena n-áirítear ar phórú plandaí le haghaidh barra agus féara nua agus níos athléimní a dhéanann níos mó carbóin a leithlisiú, taighde le haghaidh breiseán beatha agus géineolaíocht beostoic, úsáidí agus forbairt, luacháil bithgháis agus bithmhaise, chomh maith le nósanna imeachta tomhais Gás Ceaptha Teasa (GCT) a fheabhsú. Trí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde don talmhaíocht, beidh an earnáil níos aeráid-éifeachtúla.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 10

(10) Tá an tAontas ina cheannródaí ar an aistriú chuig an aeráidneodracht agus tá sé

(10) Tá an tAontas ina cheannródaí ar an aistriú chuig an aeráidneodracht agus tá sé

tiomanta cuidiú leis an uailmhian dhomhanda a ardú agus an fhreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a neartú, trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó, an taidhleoireacht aeráide san áireamh.

tiomanta cuidiú leis an uailmhian dhomhanda a ardú agus an fhreagairt dhomhanda ar an athrú aeráide a neartú, trí úsáid a bhaint as na huirlisí uile atá ar fáil dó, lena n-áirítear an taidhleoireacht aeráide ***agus gníomhaíocht sheachtrach ar son na haeráide chun tacú le maoiniú domhanda don aeráid a shlógadh do gach earnáil, go háirithe do mhaolú agus d'oiriúnú talmhaíochta i dtíortha i mbéal forbartha, a fhulaingionn de bharr an easpa rochtana ar mhaoiniú aeráide mar sin***^{32a}.

32a

<http://www.fao.org/3/CA2698EN/ca2698en.pdf>

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach iarracht a dhéanamh cur chuige comhleanúnach a bhaint amach idir gníomhú ar son na haeráide laistigh den Aontas agus ar fud an domhain.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(12) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ar fud an gheilleagair agus aistrithe gás ceaptha teasa intíre, trí bhíthin réitigh nádúrtha agus teicneolaíoch, laistigh den Aontas faoi 2050. Ba cheart do na Ballstáit uile cuspóir aeráidneodrachta 2050 an Aontais a shaothrú i dteannta a chéile agus ba cheart do na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun go bhféadfar sin a bhaint amach. Bearta ar leibhéal an Aontais, beidh siad sin ina gcuid thábhachtach de na bearta is gá chun an

Leasú

(12) Ba cheart é a bheith mar aidhm ag an Aontas cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ar fud an gheilleagair agus aistrithe gás ceaptha teasa intíre, trí bhíthin réitigh nádúrtha agus teicneolaíoch, laistigh den Aontas faoi 2050. Ba cheart do na Ballstáit uile cuspóir aeráidneodrachta 2050 an Aontais a shaothrú i dteannta a chéile agus ba cheart do na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún na bearta is gá a dhéanamh chun go bhféadfar sin a bhaint amach, ***lena n-áirítear trí fhéachaint an bhféadfaí creidmheasanna astaíochtaí diúltacha a thrádáil agus a***

cuspoir sin a bhaint amach.

phraghsáil ar leithligh i margá carbóin.

Bearta ar leibhéal an Aontais, beidh siad sin ina gcuid thábhachtach de na bearta is gá chun an cuspoir sin a bhaint amach.

Or. en

Réasúinú

Chun neodracht aeráide a bhaint amach faoi 2050, tá tábhacht thar na bearta le haistriú nó le hastaíochtaí diúltacha. Faoi láthair, caitear ar bhealach comhionann le haistriú agus le laghdúithe ar astaíochtaí i margá carbóin. Mar sin féin, ba cheart tona carbóin a thógtar as an atmaisféar a phraghsáil ar bhealach difriúil ó thona carbóin nach n-astaítear isteach san atmaisféar. Chun forbairt ar aistriú a spreagadh, ba cheart don Choimisiún féachaint an bhféadfaí aistriú nó astaíochtaí diúltacha a thrádaíl ar leithligh ar mhargá carbóin an Aontais agus an domhain. D'fhéadfadh sé go nginfi maoiniú suntasach don troid i gcoinne an athraithe aeráide le trádáil astaíochtaí diúltacha den sórt sin.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(14) Tá an t-oiriúnú ar cheann de phríomhghnéithe na freagartha domhanda fadtéarmaí ar an athrú aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas feabhas a chur ar a n-acmhainneacht oiriúnaitheachta, an athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú, mar a fhoráiltear faoi ***Airteagal 7*** de Chomhaontú Pháras, agus na comhthairbhí a bhaineann le beartais agus reachtaíocht chomhshaoil eile a uasmhéadú. Ba cheart do na Ballstáit straitéisí agus pleananna náisiúnta cuimsitheacha a ghlacadh maidir leis an oiriúnú.

Leasú

(14) Tá an t-oiriúnú ar cheann de phríomhghnéithe na freagartha domhanda fadtéarmaí ar an athrú aeráide. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas feabhas a chur ar a n-acmhainneacht oiriúnaitheachta, an athléimneacht a neartú agus leochaileacht i leith an athraithe aeráide a laghdú, mar a fhoráiltear faoi ***Airteagail 2 agus 7*** de Chomhaontú Pháras, agus na comhthairbhí a bhaineann le beartais agus reachtaíocht chomhshaoil eile a uasmhéadú. Ba cheart do na Ballstáit straitéisí agus pleananna náisiúnta cuimsitheacha a ghlacadh maidir leis an oiriúnú.

Or. en

Réasúinú

Déantar tagairt in Airteagal 2 1b de Chomhaontú Pháras d'oiriúnú i gcomhthéacs táirgeadh bia.

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(15) Agus na bearta ábhartha á ndéanamh acu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún rannchuidiú an aistrihe i dtaca le h aeráidneodracht chuig an méid seo a leanas a chur san áireamh: folláine na saoránach, rathúnas na sochaí agus iomaíochas an gheilleagair; slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh agus bia; cothroime agus dlúthpháirtíocht ar fud na mBallstát agus laistigh díobh i bhfianaise a gcumais eacnamúil, a n-imthoscaí náisiúnta agus an ghá atá le cóineasú le himeacht ama; an gá an t-aistriú a dhéanamh cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de; an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, go háirithe na torthaí arna dtuairisciú ag IPCC; an gá atá le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí maidir le hinfheistíocht agus pleanáil; cost-éifeachtacht agus neodracht na teicneolaíochta ó thaobh laghduithe agus aistrihe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus athléimneacht a mhéadú; dul chun cinn le himeacht ama maidir le sláine agus an leibhéal uailmhéine.

Leasú

(15) Agus na bearta ábhartha á ndéanamh acu ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún rannchuidiú an aistrihe i dtaca le h aeráidneodracht chuig an méid seo a leanas a chur san áireamh: folláine na saoránach, rathúnas na sochaí agus iomaíochas an gheilleagair; slándáil agus inacmhainneacht fuinnimh agus bia; cothroime agus dlúthpháirtíocht ar fud na mBallstát agus laistigh díobh i bhfianaise a gcumais eacnamúil, a n-imthoscaí náisiúnta agus an ghá atá le cóineasú le himeacht ama; an gá an t-aistriú a dhéanamh cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de, ***chomh maith le cuimsitheach agus comhionann ó thaobh críche de idir limistéir thuaithe agus uirbeacha agus comhphobail tuaithe agus uirbeacha***; an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus, go háirithe na torthaí arna dtuairisciú ag IPCC; an gá atá le rioscaí a bhaineann leis an athrú aeráide a chomhtháthú i gcinntí maidir le hinfheistíocht agus pleanáil; cost-éifeachtacht agus neodracht na teicneolaíochta ó thaobh laghduithe agus aistrihe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus athléimneacht a mhéadú; dul chun cinn le himeacht ama maidir le sláine agus an leibhéal uailmhéine.

Or. en

Réasúmú

Tá sé tábhachtach go mbeidh an t-aistriú glas cóir agus cuimsitheach ó thaobh na sochaí agus na críche de.

**Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(19) Lena áirithiú go ndéanfar measúnú oibiachtúil láidir, bunaithe ar na torthaí eolaíocha teicniúla socheacnamaíocha is déanaí, agus ina mbainfear úsáid as raon leathan saineolais neamhspleách, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a bhunú ar fhaisnéis ábhartha lena n-áirítear faisnéis arna cur isteach agus arna tuairisciú ag na Ballstáit, tuarascálacha na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear tuarascála IPCC. I bhfianaise gur thug an Coimisiún gealltanais féachaint ar an gcaoi ar féidir leis an earnáil phoiblí Tacsanomaíocht an Aontais a úsáid i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ba cheart go n-áireofaí ansin faisnéis ar an infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ón Aontas agus ó na Ballstáit, atá comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/... [An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht] nuair a bheidh faisnéis den chineál sin ar fáil. Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as staitisticí agus sonraí Eorpacha i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus grinnscrúdú saineolach a lorg. Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cuidiú leis an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena clár oibre bliantúil.

Leasú

(19) Lena áirithiú go ndéanfar measúnú oibiachtúil láidir, bunaithe ar na torthaí eolaíocha teicniúla socheacnamaíocha is déanaí, agus ina mbainfear úsáid as raon leathan saineolais neamhspleách, ba cheart don Choimisiún a mheasúnú a bhunú ar fhaisnéis ábhartha lena n-áirítear faisnéis arna cur isteach agus arna tuairisciú ag na Ballstáit, tuarascálacha na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil, an fhianaise eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil, lena n-áirítear tuarascála IPCC. I bhfianaise gur thug an Coimisiún gealltanais féachaint ar an gcaoi ar féidir leis an earnáil phoiblí Tacsanomaíocht an Aontais a úsáid i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, ba cheart go n-áireofaí ansin faisnéis ar an infheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de **agus ar mheasúnuithe ó scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtithe maidir le héifeachtúlacht aeráide, lena n-áirítear scéimeanna lena gcumhdaítear feirmeoireacht agus táirgeadh bia atá aeráid-éifeachtúil**, ón Aontas agus ó na Ballstáit, atá comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/... [an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht] nuair a bheidh faisnéis den chineál sin ar fáil. Ba cheart don Choimisiún úsáid a bhaint as staitisticí agus sonraí Eorpacha i gcás ina mbeidh siad ar fáil agus grinnscrúdú saineolach a lorg. Ba cheart don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil cuidiú leis an gCoimisiún, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena clár oibre bliantúil.

Or. en

Réasúinú

Is gá freisin táirgeadh atá éifeachtúil ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus infheictheacht a thabhairt dó san Aontas, lena n-áirítear sa talmhaíocht. Is cur chuige

pragmatach i leith saincheist chasta é deimhniú tríú páirtí, agus bheadh sé mar aidhm leis aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí breise arna ndéanamh ag gníomhaithe, lena n-áirítear feirmeoirí agus comharchumainn, chun astaíochtaí CO2 i dtáirgeadh inbhuanaithe bia a laghdú. D'áiritheofaí leis freisin go mbeadh na caighdeáin chéanna in úsáid ag na Ballstáit uile.

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leagtar amach sa Rialachán seo cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas faoi 2050, chun an sprioc fhadtárma teochta a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras a shaothrú, agus déantar foráil ann maidir le dul chun cinn chun sprioc an oiriúnaithe dhomhanda a bhunaítear le Airteagal 7 de Chomhaontú Pháras a shaothrú.

Leasú

Leagtar amach sa Rialachán seo cuspóir ceangailteach maidir le haeráidneodracht san Aontas **agus i ngach Ballstát faoi seach** faoi 2050, chun an sprioc fhadtárma teochta a leagtar amach in Airteagal 2 de Chomhaontú Pháras a shaothrú, agus déantar foráil ann maidir le dul chun cinn chun sprioc an oiriúnaithe dhomhanda a bhunaítear le Airteagal 7 de Chomhaontú Pháras a shaothrú.

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach cur le huailmhianta an Aontais ina iomláine. Dá bhrí sin, tá sé thar a bheith tábhachtach go leagfar síos an sprioc maidir le neodracht aeráide don Aontas ina iomláine, agus do gach Ballstát ar leithligh.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 1 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Bunaítear leis an Rialachán seo prionsabal an chomhtháthaithe beartais, ar dá réir a bheidh feidhm ag na breithnithe lena rialaítear leagan amach na conaire chun neodracht aeráide a bhaint amach, dá dtagraítear in Airteagal 3(3), maidir leis na tionscnaimh uile a leagtar amach sa Chomhaontú Glas don

Leasú 11

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 2**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfaidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit na bearta is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach chun gur féidir cuspóir na haeráidneodrachta, a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann, agus an tábhacht a bhaineann le cothroime agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn i measc na mBallstát á cur san áireamh.

Leasú

2. Déanfaidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit na bearta is gá ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta faoi seach chun gur féidir cuspóir na haeráidneodrachta, a leagtar amach i mír 1 a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann **agus ar bhonn náisiúnta, agus a riachtanaí atá sé breoslaí iontaoise a chéimniú amach, an** tábhacht a bhaineann le cothroime agus dlúthpháirtíocht a chur chun cinn i measc na mBallstát, **chomh maith leis na breithnithe conaire a leagtar amach in Airteagal 3(3),** á gcur san áireamh.

Or. en

Réasúnú

Ba cheart na breithnithe conaire a leagtar amach in Airteagal 3(3) a chur san áireamh agus bearta riachtanacha á ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear agus dáileadh laghduithe agus aistriú astaíochtaí idir ionstraimí beartais CTA agus neamh-CTA á gcinneadh.

Leasú 12

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 3**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

3. Faoi mhí Meán Fómhair 2020, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta a leagtar amach

Leasú

3. Faoi mhí Meán Fómhair 2020, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar sprioc 2030 an Aontais maidir leis an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 2(11) de Rialachán (AE) 2018/1999 i bhfianaise an chuspóra aeráidneodrachta a leagtar amach

in Airteagal 2(1) agus féachaint ar roghanna maidir le sprioc nua 2030 laghduithe **50 go 55 %** ar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéal 1990. I gcás ina measann an Coimisiún gur gá an sprioc sin a leasú, cuirfidh sé tograí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de réir mar is iomchuí.

in Airteagal 2(1) agus féachaint ar roghanna maidir le sprioc nua 2030 laghduithe **55 %** ar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéal 1990. I gcás ina measann an Coimisiún gur gá an sprioc sin a leasú, cuirfidh sé tograí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle de réir mar is iomchuí.

Or. en

Réasúnú

Tá méadú sprioc 2030 go 55 % i gcomhréir leis an uailmhian fheabhsaithe arna cur in iúl ag Parlaimint na hEorpa ina Rún maidir leis an gComhaontú Glas i mí Eanáir 2020.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3a. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le sprioc idirmheánach a leagan síos don bhliain 2040 agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé togra reachtach a thíolacadh lena leagfar síos na luachanna ábhartha a bheidh le baint amach, chomh maith le haon bheart eile is gá.

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 2 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4. Faoin 30 Meitheamh 2021, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an méid ba ghá reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear sprioc 2030 an Aontais chun feidhme a leasú chun go bhféadfaí laghduithe **50 go 55 %** ar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéal 1990 a bhaint amach agus chun an cuspóir

4. Faoin 30 Meitheamh 2021, déanfaidh an Coimisiún measúnú, **agus na breithnithe conaire a leagtar amach in Airteagal 3(3) á gcur san áireamh agus ag féachaint d'Airteagal 4 (2a)**, ar an méid ba ghá reachtaíocht an Aontais lena gcuirtear sprioc 2030 an Aontais chun feidhme a leasú, **lena n-áirítear**

aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach, agus breithniú a dhéanamh maidir leis na bearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear tograí reachtacha a ghlacadh, i gcomhréir leis na Conarthaí.

spríocanna a leagan síos maidir le hacmhainní in-athnuaite a úsáid, chun go bhféadfaí laghdúithe 55 % ar astaíochtaí i gcomparáid le leibhéal 1990 a bhaint amach agus chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach, agus breithniú a dhéanamh maidir leis na bearta is gá a dhéanamh, lena n-áirítear tograí reachtacha a ghlacadh, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Or. en

Réasúin

Ba cheart na breithnithe conaire a leagtar amach in Airteagal 3(3) agus Airteagal 4(2a) a chur san áireamh agus bearta riachtanacha á ndéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, lena n-áirítear agus dáileadh laghdúithe agus aistrithe astaíochtaí idir ionstraimí beartais CTA agus neamh-CTA á gcinneadh. Tá sé thar a bheith tábhachtach go ndíreodh an Coimisiún ar acmhainní iontaise a chéimniú amach agus ar acmhainní in-athnuaite a chéimniú isteach.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

1. ***Tugtar de chumhacht*** don Choimisiún ***gníomhartha tarmligthe a ghlacadh go 2050, i gcomhréir le hAirteagal 9 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chonair a leagan amach*** ar leibhéal an Aontais chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) a bhaint amach. Laistigh de shé mhí ar a dhéanaí tar éis gach stocáireamh domhanda dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gconair.

Leasú

1. Déanfaidh an Coimisiún, ***i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina leagfar*** amach conair ar leibhéal an Aontais chun cuspóir na neodrachta aeráide a leagtar amach in Airteagal 2(1) go dtí 2050 a bhaint amach. Laistigh de 6 mhí ar a dhéanaí tar éis gach stocáireamh domhanda dá dtagraítear in Airteagal 14 de Chomhaontú Pháras, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gconair.

Or. en

Réasúnú

Téann an chumhacht a thugtar don Choimisiún chun an chonair a leagan amach trí ghníomhartha tarmligthe thar Airteagal 290 den Chonradh. Go deimhin, le gníomh tarmligthe den sórt sin thabharfadh aghaidh ar ghnéithe riachtanacha an ghnímh reachtaigh, nach mbeadh, dá réir sin, ina ábhar do chumhachtú gnímh tharmligthe. Is é togra reachtach an ionstraim dlí iomchuí.

Leasú 16

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – pointe b**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(b) ***iomáíochas*** gheilleagar an Aontais;

(b) ***iomáíochas*** gheilleagar an Aontais,
fás agus poist;

Or. en

Réasúnú

Ní mór don Rialachán seo a bheith mar bhonn do straitéis fáis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

Leasú 17

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 3 – pointe d**

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(d) éifeachtúlacht fuinnimh, acmhainneacht fuinnimh agus cinnteacht soláthair;

(d) éifeachtúlacht fuinnimh, inacmhainneacht fuinnimh agus slándáil an tsoláthair, ***chomh maith leis an ngeilleagar ciorclach bithbhunaithe a chur chun cinn mar mhalairt ar an ngeilleagar iontaise chun éifeachtaí ionadaíochta a bhaint amach***;

Or. en

Réasúnú

D'fhonn sprioc na neodrachta aeráide a bhaint amach faoi 2050, ní mór teacht ar roghanna malartacha ar an ngeilleagar iontaise. Soláthraíonn an geilleagar ciorclach bithbhunaithe ábhair in-athnuaite ar féidir teacht in ionad amhábhair iontaise.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3 – pointe d a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(da) slándáil bia agus inacmhainneacht
bia;**

Or. en

Réasúnú

I bhfianaise ghéarchéime COVID-19, ba cheart don Choimisiún slándáil bia agus inacmhainneacht bia a chur san áireamh ina chonair.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(g) riachtanais agus deiseanna infheistíochta;

(g) riachtanais agus deiseanna infheistíochta, **lena n-áirítear méid na tacaíochta buiséadaí atá ar fáil ó ionstraimí beartais an Aontais;**

Or. en

Réasúnú

Leis sin, cuirfear béim ar an ngá atá le tacaíocht bhreise ó ionstraimí beartais an Aontais.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(h) an gá atá ann aistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí de a áirithiú ;

(h) an gá atá ann aistriú atá cóir agus cothrom ó thaobh na sochaí **agus an chomhleanúnachais chríochnaigh de idir limistéir uirbeacha agus limistéir thuaithe**

a áirithiú;

Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 3 – mír 3 – pointe j a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

**(ja) Spriocanna Forbartha
Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún
Aontaithe a chur chun feidhme, slándáil
bia an Aontais agus slándáil bia
dhomhanda a bhaint amach trí oiriúnú
don athrú aeráide, athléimneacht aeráide
agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha
teasa a chothú gan táirgeacht bia a chur i
mbaol.**

Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. Déanfaidh na Ballstáit straitéisí agus pleananna a fhorbairt agus a chur chun feidhme **lena** n-áirítear creata bainistíochta riosca cuimsitheacha, bunaithe ar bhunlínte láidre aeráide agus leochaileachta agus ar mheasúnaithe ar dhul chun cinn.

2. Déanfaidh na Ballstáit straitéisí agus pleananna a fhorbairt agus a chur chun feidhme **ina leagtar síos spriocanna nithiúla maidir le laghdú** agus lena n-áirítear creata cuimsitheacha bainistíochta riosca, bunaithe ar bhunlínte láidre aeráide agus leochaileachta agus ar mheasúnaithe ar dhul chun cinn.

Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 4 – mír 2 a (nua)

2a. Aithneoidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit tábhacht straitéiseach na talmhaíochta don Aontas agus do shlándáil dhomhanda an tsoláthair bia, neamhchosaint chriticiúil na hearnála ar éifeachtaí an athraithe aeráide agus a mhéid a d'fhéadfadh sí rannchuidiú le gníomhú ar son na haeráide. Éascóidh an tAontas agus na Ballstáit oiriúnú feirmeoirí do thionchair dhíobhálacha an athraithe aeráide agus cothóidh siad athléimneacht aeráide agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa gan táirgeadh bia a chur i mbaol.

Or. en

Réasúnú

Is í an talmhaíocht an earnáil is mó atá neamhchosanta ar thionchair an athraithe aeráide, agus is earnáil í lena mbaineann tábhacht straitéiseach don tslandáil bia san Aontas agus ar fud an domhain ach a chuirtear i mbaol de bharr iarmhairtí an athraithe aeráide. Dá bhrí sin, ní mór aitheantas a thabhairt i nDlí Aeráide AE do thábhacht straitéiseach na talmhaíochta, agus creat a chruthú d'institiúidí ábhartha an Aontais agus do na Ballstáit chun oiriúnú, athléimneacht agus forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a éascú, ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol, i gcomhréir le Airteagal 2 1b de Chomhaontú Pháras.

Leasú 24

**Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2 b (nua)**

2b. Féachfaidh institiúidí ábhartha an Aontais agus na Ballstáit an bhféadfaí scéimeanna um chreidiúnú carbóin ('carbón a thógáil ar láimh') a thabhairt isteach mar dhreasacht don mhaolú ar an athrú aeráide, don oiriúnú don athrú aeráide agus don nuálaíocht agus do leithlisiú CO2 in úsáid talún, san ithir agus sa bhithmhais i dtáirgeadh talmhaíochta agus beostoic. Faoin 30

Meitheamh 2021, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheasúnaithe faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir lena indéanta atá sé scéimeanna den sórt sin a thabhairt isteach.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(a) an dul chun cinn comhchoiteann a dhéanfaidh na Ballstáit uile chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) mar a shloinntear leis an gconair dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a bhaint amach;

Leasú

(a) an dul chun cinn comhchoiteann **agus náisiúnta** a dhéanfaidh na Ballstáit uile chun an cuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) mar a shloinntear leis an gconair dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a bhaint amach;

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(b) an dul chun cinn comhchoiteann a dhéanfaidh na Ballstáit uile maidir le hoiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 4.

Leasú

(b) an dul chun cinn comhchoiteann **agus náisiúnta** a dhéanfaidh na Ballstáit uile maidir le hoiriúnú dá dtagraítear in Airteagal 4.

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(c) staitisticí agus sonraí Eorpacha,

Leasú

(c) staidreamh agus sonraí Eorpacha,

lena n-áirítear sonraí maidir le caillteanais ó thionchair dhíobhálacha aeráide, i gcás ina bhfuil sin ar fáil; agus

lena n-áirítear **sonraí maidir le tionchair eacnamaíocha, chríochacha agus fostaíochta na mbeart a dhéanfar faoin Rialachán seo, agus** sonraí maidir le caillteanais ó thionchair dhíobhálacha aeráide, i gcás ina mbeidh siad ar fáil; agus

Or. en

Réasúnú

Ba cheart go mbeadh sonraí ina léirítear trí cholún na hinbhuanaitheachta, i.e. an comhshaol, an tsochaí agus an eacnamaíocht ina eolas don Choimisiún.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

(e) aon fhaisnéis fhorlíontach maidir le hinfheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ag an Aontas agus na Ballstáit, lena n-áirítear, nuair a bhíonn fáil uirthi, infheistíocht atá comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/... [An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht].

Leasú

(e) aon fhaisnéis fhorlíontach maidir le hinfheistíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de **agus scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtithe um aeráid-éifeachtúlacht**, ag an Aontas agus na Ballstáit, lena n-áirítear, nuair a bhíonn fáil uirthi, infheistíocht atá comhsheasmhach le Rialachán (AE) 2020/... [An Rialachán maidir le Tacsanomaíocht].

Or. en

Réasúnú

Féach an réasúnú thíos maidir le hAirteagal 7 (2a nua)

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 7 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2a. Faoin 31 Nollaig 2021, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh maidir le bearta chun tacú le

feirmeoireacht agus táirgeadh bia atá éifeachtúil ó thaobh na haeráide de trí bhíthin scéimeanna deimhniúcháin tríú páirtithe. Feidhmeoidh an tuarascáil sin freisin mar bhonn don Choimisiún ina mheasúnú dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6.

Or. en

Réasúnú

Bainfear leas as deimhniúchán tríú páirtithe agus caighdeán coiteann san Aontas á leagan síos do tháirgeadh a bheidh aeráid-éifeachtúil. Trí chomhchaighdeáin a leagan síos, déanfaidh feirmeoirí agus comharchumainn a n-éiríonn leo níos mó a tháirgeadh agus níos lú táirgeachta a dhéanamh, rud a chuirfidh teorainn le lorg aeráide aonaid táirge, a luach saothair a bhaint amach. Ní mór a aithint, áfach, nach féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ó earnáil na talmhaíochta a bhaint go hiomlán.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 12 a thabhairt don Choimisiún go ceann **tréimhse neamhchinntithe** ama amhail ón 13 Eanáir 2016. dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm].

Leasú

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse **seacht mbliana** amhail ón [OP: dáta a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm]. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 7 mbliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfheid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**

Or. en